NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11115 – ADNOC / ÖBAG /OMV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 226/09)

1. An 19 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Abu Dhabi National Oil Company (ADNOC) P.J.S.C. ('ADNOC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Österreichische Beteiligungs AG ('ÖBAG', an Ostair), agus

— OMV Aktiengesellschaft ('OMV', an Ostair).

Gheobhaidh ADNOC agus ÖBAG rialú comhpháirteach ar OMV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa domhanda fuinnimh agus peitriceimiceán é ADNOC a oibríonn ar fud an tslabhra luacha híodrocarbóin ar fad trí líonra gnólachtaí atá go hiomlán comhtháthaithe,

— Is cuideachta sealbhaíochta uathrialaitheach faoi úinéireacht stáit é ÖBAG a riarann infheistíochtaí stáit,

— Is grúpa domhanda fuinnimh agus peitriceimiceán é OMV, ar fochuideachta atá faoi rialú aonair ÖBAG faoi láthair, agus tá sé gníomhach i ngníomhaíochtaí ola agus gáis réamhtheachtacha agus iartheachtacha, chomh maith le táirgeadh agus tráchtálú pololaifíní agus buncheimiceán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11115 – ADNOC / ÖBAG /OMV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË